

**The North/South Language Body
Annual Report and Accounts
For the year ended 31 December 2017**

**An Foras Teanga
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais
An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017**

**Tha Boord o Leid
An Account o the Darg
For the year hinmaist 31 Decemmer 2017**

Foras na Gaeilge
63-66 Sráid Amiens
Baile Átha Cliath 1
+353 (0)1 6398400

www.forasnagaeilge.ie
eolas@forasnagaeilge.ie

Foras na Gaeilge
Teach an Gheata Thiar
2-4 Sráid na Banríona
Béal Feirste
BT1 6ED
+44 (0)28 9089 0970

Foras na Gaeilge
An Chrannóg
Na Doirí Beaga
Gaoth Dobhair
Dún na nGall
+353 (0)74 9560113 / 9560114

Foras na Gaeilge
(Clár na Leabhar Gaeilge)
Ráth Chairn
Baile Átha Buí
Co. na Mí
+353 (0)46 9430419

Áisíneacht Dáileacháin Leabhar (ÁIS)
Aonad 3
Páirc Ghnó Dhún Seachlainn
Dún Seachlainn
Co. na Mí
+353 (0)1 6616522

The Ulster-Scots Agency
The Corn Exchange
31 Gordon Street
Belfast
BT1 2LG
+44 (0)28 9023 1113

www.ulsterscotsagency.com
info@ulsterscotsagency.org.uk

The Ulster-Scots Agency
William Street
Raphoe
Co. Donegal
+353 (0)74 9173876



**The North / South Language Body
Annual Report and Accounts
for the year ended
31 December 2017**

**An Foras Teanga
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais
don bhliain dar críoch
31 Nollaig 2017**

**Tha Boord o Leid
An Accoont o tha Darg
for the year hinmaist 2017**

The Language Body is a North/South Implementation Body sponsored by the Department of Culture, Heritage, and the Gaeltacht (DCHG) and the Department for Communities (DfC). It was established on the 2nd of December 1999 under the British-Irish Agreement which set up the implementation bodies and was underpinned by the British-Irish Agreement Act 1999 and the North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999. It reports to the North/South Ministerial Council (NSMC).

The Language Body comprises Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency. Foras na Gaeilge has the principal function of the promotion of the Irish language on an all-island basis. The principal function of the Ulster-Scots Agency is the promotion of greater awareness and use of Ullans and of Ulster-Scots cultural issues, both within Northern Ireland and throughout the island.

Further information and Board minutes are available on the agencies' websites:

www.forasnagaeilge.ie

www.ulsterscotsagency.com

Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas é an Foras Teanga agus tá sé urraithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (RCOG) agus an Roinn Pobal (RP). Bunaíodh é an 2 Nollaig 1999 faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann lena bunaíodh na comhlachtaí forfheidhmithe, comhaontú a bhfuil an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann agus an North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 mar bhonn faoi. Tuairiscíonn sé don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT).

Tá an Foras Teanga comhdhéanta d'Fhoras na Gaeilge agus de Ghníomhaireacht na hUltaise. Is é príomhfheidhm Fhoras na Gaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile-oileáin. Is é príomhfheidhm Ghníomhaireachta na hUltaise eolas níos fearr faoin Ultais agus úsáid na hUltaise agus saincheisteanna cultúir Ultach-Albanacha a chur chun cinn, laistigh de Thuaisceart Éireann agus ar fud an oileáin.

Tá breis eolais agus miontuairiscí Boird ar fáil ar shuíomh gréasáin na ngníomhaireachtaí:

www.forasnagaeilge.ie

www.ulsterscotsagency.com

Contents

Board Members of The Language Body	<i>4</i>
Joint Introduction	<i>5</i>
Report of Foras na Gaeilge	<i>6</i>
Report of The Ulster-Scots Agency	<i>31</i>
Financial Statements	<i>60</i>

Clár

Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga	4
Comhréamhrá	5
Tuairisc Fhoras na Gaeilge	6
Tuairisc Ghníomhaireacht na hUltaise	31
Ráitis Airgeadais	60

Board Members of the Language Body

The following served as Board Members during 2017

Joint-Chairpersons

Pól Ó Gallchóir

Keith Gamble*

Allen McAdam*

Julie Andrews*

Seán Ó hArgáin

Iain Carlisle*

Sorcha Ní Chéidigh

Bláthnaid Ní Chofaigh

Seán Ó Coisdealbha

Máighréad Ní Chonghaile

Seán Mícheál Ó Domhnaill

Gráinne McElwain

Mairéad Farrell

Ida Fisher*

Niall Ó Gallochobhair

Val O'Kelly*

Frederick Kettle* (Vice Chairperson, Ulster-Scots Agency)

Conor McGuinness

Barra Ó Muirí (Deputy Chair, Foras na Gaeilge)

David McNarry*

Máire Ní Neachtain

**Denotes Board membership of The Ulster-Scots Agency; unmarked denotes Board membership of Foras na Gaeilge.*

Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga

Bhí na daoine seo leanas ina gComhaltaí Boird le linn 2017

Comh-Chathaoirligh

Pól Ó Gallchóir

Keith Gamble*

Allen McAdam*

Julie Andrews*

Seán Ó hArgáin

Iain Carlisle*

Sorcha Ní Chéidigh

Bláthnaid Ní Chofaigh

Seán Ó Coisdealbha

Máighréad Ní Chonghaile

Seán Mícheál Ó Domhnaill

Gráinne McElwain

Mairéad Farrell

Ida Fisher*

Niall Ó Gallochobhair

Val O'Kelly*

Frederick Kettle* (Leas-Chathaoirleach, Gníomhaireacht na hUltaise)

Conor McGuinness

Barra Ó Muirí ((Leas-Chathaoirleach, Foras na Gaeilge)

David McNarry*

Máire Ní Neachtain

**Léiríonn ballraíocht de Bhord Ghníomhaireacht na hUltaise; léiríonn easpa réiltín ballraíocht de Bhord Fhoras na Gaeilge.*

Thegither Forethocht • Joint Introduction • Comhréamhrá

One of the main items of work on Foras na Gaeilge's agenda is the Partnership Approach which derives from a decision of the North/South Ministerial Council 10th July 2013. This approach provides for 6 lead organisations to be funded to work in specific areas of responsibility. €4.6m was provided in grants for the work of the lead organisations in 2017 in the following areas:

- Conradh na Gaeilge:** Raising Awareness, Language Protection and Representation (on behalf of the language with state authorities);
- Cumann na bhFiann:** The Development of Opportunities for the Use of Irish and Network for Young People;
- Gael Linn:** Education in the English language sector and adult education, and opportunities for use for school pupils;
- Gaeiloideachas:** Irish Medium Education/Immersion Education and Irish Medium Preschool Education;
- Glór na nGael:** Community & Economic Development;
- Oireachtas na Gaeilge:** Opportunities which support the Use of Irish and Establishing Networks for adults.

With the leases on Foras na Gaeilge's headquarters on Merrion Square and another office on Frederick Street coming to an end new accommodation arrangements were made for Dublin-based staff and the headquarters were transferred to Amiens St. ÁIS, the book distributor, transferred to a warehouse in Dunshaughlin, Co. Meath.

The opportunity was taken in November to announce support for Bliain na Gaeilge 2018 – Year of the Irish Language in 2018 – that would be organised primarily by Conradh na Gaeilge and suitable structures were put in place to deal with the project.

The Ulster-Scots Agency continued to service new audiences and access further funding which enabled the Agency to carry out a number of meaningful and important projects with partners in the Border counties. The Discover Ulster-Scots Centre, which is managed by the Ulster-Scots Community Network, exceeded targets for visitor numbers. The annual Burns Concert proved again to be one of the year's highlights while increased activity in the area of education was evidenced by the Flagship Schools Program enrolling a further 11 Primary Schools while demand for school workshops doubled.

The Agency continued to maintain its profile promoting Ulster-Scots by aligning with high profile events such as the Dalriada Festival and made a welcomed return to the United States sending representatives along with Dalriada Kingdom Tours, Visit Armagh, Mid and East Antrim Council amongst others to Georgia to join Tourism Ireland for this year's Stone Mountain Highland Games in order to promote what we have to offer the American tourist market.

Importantly, the Agency continued to support a wide range of activity at grassroots level through funding for community groups to fund music and dance tuition, summer schools and community festivals amongst other activities.

The Ulster-Scots Community Network assisted member groups to secure funding support in excess of £550k through various grant sources including the Agency, Arts Council Northern Ireland and the Department for Communities as well as delivering geographically diverse information sessions. In Donegal the Monreagh Ulster Scots Education and Heritage Centre supported the development of Ulster-Scots through workshops, events and themed exhibitions.

Details of all the projects mentioned here including joint projects between the two agencies and more can be found in the individual reports from the two agencies.

Keith Gamble
CHAIRPERSON
THE ULSTER-SCOTS AGENCY

Pól Ó Gallchóir
CATHAOIRLEACH
FORAS NA GAEILGE

Thegither Forethocht • Joint Introduction • Comhréamhrá

Ceann de na príomh-mhíreanna oibre atá ar chlár Fhoras na Gaeilge is ea an Cur Chuige Comhpháirtíochta a d'eascair as cinneadh de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh / Theas 10 Iúil 2013. Tá foráil sa chur chuige seo le haghaidh 6 cheanneagraíocht a mhaoiniú le bheith ag obair i sainréimsí faoi leith. Cuireadh €4.6m ar fáil i ndeontais le haghaidh obair na gceanneagraíochtaí in 2017 sna réimsí seo a leanas:

Conradh na Gaeilge: Ardú Feasachta, Cosaint Teanga agus Ionadaíocht (thar ceann na teanga le húdaráis stáit)

Cumann na bhFiann: Forbairt Deiseanna Úsáide Gaeilge agus Gréasán do Dhaoine Óga
Gael Linn: Oideachas in earnáil an Bhéarla agus d'aoisigh, agus deiseanna úsáide do dhaltáí scoile

Gaeiloideachas: Gaeiloideachas/Tumoideachas agus Réamhscolaíocht Lán-Ghaeilge

Glór na nGael: Forbairt Pobail agus Eacnamaíochta

Oireachtas na Gaeilge: Deiseanna a thacaíonn le hÚsáid na Gaeilge agus le Bunú Gréasán do dhaoine fásta

Agus na léasanna ar cheanncheathrú Fhoras na Gaeilge ar Chearnóg Mhuirfean agus ar oifig eile de chuid na heagraíochta ar Shráid Fhreidric ag teacht chun deiridh, rinneadh socrúithe nua cóiríochta don fhoireann i mBaile Átha Cliath agus aistríodh an ceanncheathrú go Sráid Amiens. Bhog ÁIS, an dáileoir leabhar, go trádstóras i nDún Seachlainn, Co. na Mí.

Tapaíodh an deis i mí na Samhna tacaíocht a fhógairt do Bhliain na Gaeilge 2018 a bheadh á reáchtáil go príomha ag Conradh na Gaeilge agus cuireadh i bhfeidhm struchtúir chúil le plé leis an tionscadal seo.

Lean Gníomhaireacht an hUltaise de bheith ag freastal ar lucht spéise nua agus ag rochtain maoiniú breise a chumasaigh an ghníomhaireacht roinnt tionscadal fiúntach agus tábhachtach a chur i gcrích le comhpháirtithe i gcontaetha na teorann. Sháraigh Ionad Eolais na hUltaise, atá á bhainistiú ag an Líonra Pobail Ultaise, spriocanna do líon na gcuariteoirí. Bhí an Cheolchoirm Oíche Burns arís ina buaicphointe agus léirigh 11 bunscoil bhreise a chláraigh leis an gClár Suaitheantais Scoileanna an borradh faoi chúrsaí oideachais agus mhéadaigh an t-éileamh ar cheardlanna scoile faoi dhó.

Leanadh an Gníomhaireacht ar aghaidh ag cur lena próifíl tríd an Ultais trí pháirt a ghlacadh in imeachtaí ardphróifíle ar nós Fhéile Dhál Riada agus fáiltíodh roimh an bhfilleadh ar na Stáit Aontaithe nuair a cuireadh ionadaithe i dteannta Dalriada Kingdom Tours, Visit Armagh, Comhairle Lár agus Oirthear Aontroma i measc grúpaí eile chuig Georgia le dul i bpáirt le Turasóireacht Éireann chuig Stone Mountain Highland Games i mbliana lena bhfuil le tairiscint againn do mhargadh turasóireachta Mheiriceá a chur chun cinn.

Tá sé tábhachtach gur lean an Gníomhaireacht ar aghaidh ag tacú le raon leathan gníomhaíochta ag leibhéal an phobail le teagasc ceoil agus damhsa, scoileanna samhraidh agus féilte pobail a mhaoiniú, i measc imeachtaí eile.

Chabhraigh an Líonra Pobail Ultaise le ballgrúpaí teach tar thacaíocht maoinithe de bhreis is £550,000 ó fhoinsí maoinithe éagsúla, lena n-áirítear an Gníomhaireacht, Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann agus an Roinn Pobal agus chabhraigh siad chomh maith le seisiúin eolais a sholáthar in áiteanna éagsúla. I nDún na nGall thacaigh Ionad Oideachais agus Oidhreachta na hUltaise i Móin Riabhach le forbairt na hUltaise trí cheardlanna, imeachtaí agus taispeántais théamúla.

Is féidir sonraí na dtionscadal seo go léir a luaitear anseo, lena n-áirítear comhthionscadail idir an dá ghníomhaireacht, agus tuilleadh a fháil sna tuairiscí ar leith ón dá ghníomhaireacht.

Pól Ó Gallchóir
CATHAOIRLEACH
FORAS NA GAEILGE

Keith Gamble
CHAIRPERSON
THE ULSTER-SCOTS AGENCY



Tuairisc Fhoras na Gaeilge

Report of Foras na Gaeilge



CONTENTS

Chairperson's Introduction 8

Status 9

Acquisition 13

Use 16

Communications 22

Policy, Planning & Research 25

Remuneration Report 28

CLÁR

Réamhrá an Chathaoirligh 8

Stádas 9

Sealbhú 13

Úsáid 16

Cumarsáid 22

Polasaí, Pleanáil & Taighde 25

Tuairisc ar Luach Saothair 28

CHAIRPERSON'S INTRODUCTION

One of the main features of Foras na Gaeilge's work programme is the Partnership Approach that arose from a decision of the North South Ministerial Council on 10 July 2013. Through this approach 6 lead organisations are funded to work in specific areas of responsibility. Grants the value of €4.6m were approved for the lead organisations in 2017 in the following work areas:

- Conradh na Gaeilge:** raising awareness, language protection and representation (on behalf of the language with state authorities);
- Cumann na bhFiann:** the development of opportunities for the use of Irish and networks for young people;
- Gael Linn:** education in the English-language sector and adult education, and opportunities for use of Irish for school pupils;
- Gaeloideachas:** Irish-medium education / immersion education and Irish-medium pre-school education;
- Glór na nGael:** community and economic development;
- Oireachtas na Gaeilge:** opportunities that support the use of Irish and establishing networks for adults.

As the leases on Foras na Gaeilge headquarters on Merrion Square and its other Dublin office on North Frederick Street were coming to an end, new accommodation arrangements were made for the staff in Dublin and the headquarters were transferred to Amiens Street. ÁIS, the book distribution agency formerly located to the rear of the Merrion Square office moved to a warehouse facility in Dunshaughlin, Co. Meath.

The opportunity was taken in November to announce support for Bliain na Gaeilge (Year of the Irish Language) in 2018, which would be run primarily by Conradh na Gaeilge, and appropriate structures were developed to deal with this project.

Pól Ó Gallchóir
Chairperson
Foras na Gaeilge

RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Ceann de phríomhghnéithe chlár oibre Fhoras na Gaeilge is ea an Cur Chuige Comhpháirtíochta a d'eascair ó chinneadh de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas ar an 10 Iúil 2013. Tríd an gcur chuige seo maoinítear 6 cheanneagraíocht le bheith ag obair i sainréimsí freagrachta. Ceadáíodh €4.6m de dheontais do na gceanneagraíochtaí in 2017 sna réimsí seo thíos:

Conradh na Gaeilge: ardú feasachta, cosaint teanga agus ionadaíocht (thar ceann na teanga le húdaráis stáit);

Cumann na bhFiann: forbairt deiseanna úsáide Gaeilge agus gréasán do dhaoine óga;

Gael Linn: oideachas in earnáil an Bhéarla agus d'aoisigh, agus deiseanna úsáide do dhaltáí scoile;

Gaeloideachas: Gaeloideachas/tumoideachas agus réamhscolaíocht lán-Ghaeilge;

Glór na nGael: forbairt pobail agus eacnamaíó

Oireachtas na Gaeilge: deiseanna a thacaíonn le húsáid na Gaeilge agus le bunú gréasán do dhaoine fásta.

Agus na léasanna ar cheanncheathrú Fhoras na Gaeilge ar Chearnóg Mhuirfean agus ar an oifig eile dá chuid i mBaile Átha Cliath, ar Shráid Fhreidric, ag teacht chun deiridh, rinneadh socruithe nua cóiríochta don fhoireann i mBaile Átha Cliath agus aistríodh an cheanncheathrú go Sráid Amiens. Bhog ÁIS, an áisíneacht dáileacháin leabhar a bhí suite roimhe seo ar chúil na hoifige ar Chearnóg Mhuirfean, go trádstóras i nDún Seachlainn, Co. na Mí.

Tapáíodh an deis i mí na Samhna tacaíocht a fhógairt do Bhliain na Gaeilge in 2018, a bheadh á reáchtáil go príomha ag Conradh na Gaeilge, agus forbraíodh struchtúir chuí le plé leis an tionscadal seo.

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
Foras na Gaeilge

STATUS

INCREASING THE STATUS OF IRISH THROUGH CO-OPERATION & PARTNERSHIP

Partnership Approach

Foras na Gaeilge provided funding of €832,457 to Conradh na Gaeilge to complete a work programme in the broad field of raising awareness, language protection and representation (on behalf of the language with state authorities).

Implementation of Language Planning Processes

A series of information meetings was held in association with Údarás na Gaeltachta in four designated towns in relation to an appointment process for lead organisations to coordinate the responsibility of preparing the towns' language plans in accordance with the provisions of the Gaeltacht Act 2012.

SUPPORTING THE PUBLIC SECTOR

Irish Language Officers' Scheme

In relation to supporting the public sector, Foras na Gaeilge ran a consultation process during 2017 to ascertain public opinion on the future of the Irish Language Officers' Scheme in local government in Northern Ireland. Through the Irish Language Officers' Scheme Foras na Gaeilge offers joint funding to local councils in Northern Ireland, giving them the opportunity to provide services through Irish and to support them in developing the promotion and use of Irish. Based on the results of the process, a decision was taken in February 2018 that Foras na Gaeilge should co-finance the posts of an Irish Language officer in the following councils over the three year period of the scheme: Derry City and Strabane District Council; Belfast City Council; Fermanagh & Omagh District Council.

Specialised Irish Language Courses

Foras na Gaeilge funded Gaelchultúr in this area of work as well as the provision of Irish Language Courses for the public sector throughout the island.

Implementation of the Language Planning Processes

In accordance with the Government's Language Planning Process, Foras na Gaeilge had representation on an advisory committee of Donegal County Council for the preparation of a County Language Plan.

The Terminology Committee

The Terminology Committee provided online support and advice to the public sector in the area of terminology; an interim reply was provided within three working days and a final response within five working days after the Terminology Committee approved a term.

SUPPORTING THE TRANSLATION SECTOR AND INCREASING THE PROFESSIONALIZATION OF THE SECTOR

Accreditation System for Irish Translators

The Translators' Accreditation Seal exam was held on the 12th of December 2017 at the National University of Ireland, Galway. This examination is aimed at people who have a high standard of Irish and have not yet acquired the Accreditation Seal for Translators. Fifteen translators succeeded in achieving the seal.

STÁDAS

CUR LE STÁDAS NA GAEILGE TRÍD AN gCOMHOIBRIÚ AGUS AN gCOMHPHÁIRTÍOCHT

Cur Chuige Comhpháirtíochta

Chuir Foras na Gaeilge maoiniú €832,457 ar fáil do Chonradh na Gaeilge chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse ardú feasachta, cosaint teanga agus ionadaíocht (thar ceann na teanga le húdaráis stáit).

Feidhmiú Próiseas Pleanála Teanga

Reáchtáladh sraith de chruinnithe eolais i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta i gceithre bhaile ainmnithe maidir le próiseas ceapacháin ceanneagraíochta chun an cúram a chomhordú pleananna teanga a ullmhú ag teacht le forálacha Acht na Gaeltachta 2012.

TACAÍOCHT A CHUR AR FÁIL DON EARNÁIL PHOIBLÍ

Scéim na nOifigeach Gaeilge

Maidir le tacú leis an earnáil phoiblí, reáchtáil Foras na Gaeilge próiseas comhairliúcháin le linn 2017 le tuairim an phobail a fháil maidir le todhchaí Scéim na nOifigeach Gaeilge sa rialtas áitiúil i dTuaisceart Éireann. Trí Scéim na nOifigeach Gaeilge, cuireann Foras na Gaeilge cómhaoiniú ar fáil do chomhairlí áitiúla i dTuaisceart Éireann ag tabhairt na deise dóibh seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge agus le tacú leo forbairt a dhéanamh ar chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge. Bunaithe ar thorthaí an phróisis, glacadh cinneadh i mí Feabhra 2018 gur chóir d'Fhoras na Gaeilge cómhaoiniú a dhéanamh ar phoist oifigigh Gaeilge sna comhairlí seo a leanas thar thréimhse trí bliana na scéime: Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSraitha Báin; Comhairle Cathrach Bhéal Feirste; Comhairle Ceantair Fhear Manach & na hÓmaí.

Sainchúrsaí Gaeilge

Mhaoinigh Foras na Gaeilge Gaelchultúr sa réimse oibre seo chomh maith le sainchúrsaí Gaeilge a chur ar fáil don earnáil phoiblí ar fud an oileáin.

Feidhmiú Próiseas Pleanála Teanga

Faoi réir Phróiseas Pleanála Teanga an Rialtais, rinne Foras na Gaeilge ionadaíocht ar choiste chomhairleach de Chomhairle Contae Dhún na nGall ar mhaithe le Plean Teanga Contae a ullmhú.

An Coiste Téarmaíochta

Chuir an Coiste Téarmaíochta tacaíocht agus comhairle ar fáil ar líne don earnáil phoiblí maidir le cúrsaí téarmaíochta; tugadh freagra eatramhach taobh istigh de thrí lá oibre agus freagra críochnúil taobh istigh de chúig lá oibre tar éis don Choiste Téarmaíochta téarma a fhaomhadh.

TACÚ LE HEARNÁIL AN AISTRÍÚCHÁIN AGUS CUR LE GAIRMIÚLACHT NA HEARNÁLA

Córas Creidiúnaithe d'Aistritheoirí Gaeilge

Reáchtáladh scrúdú an tSéala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí ar an 12 Nollaig 2017 in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá an scrúdú seo dírithe ar dhaoine a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu agus nár ghnóthaigh an Séala Creidiúnaithe d'Aistritheoirí go nuige seo. D'éirigh le cúig aistritheoir déag an séala a bhaint amach.

Ling & Aistear

Ling Research was funded to provide a helpline for translation to the public. Further details of the services provided are available here: www.ling.ie/freagra/

Funding has been made available to Aistear.ie to provide training and resources for translators, editors and people dealing with written Irish.

SUPPORTING AWARENESS OF THE IRISH LANGUAGE IN THE BUSINESS SECTOR

'GNÓ Means Business' awareness campaign

The awareness campaign on the value and function of Irish to the private business sector continued. During 2017 a review was carried out of the 'GNÓ Means Business' section on the Foras na Gaeilge site as a central source of information.

Provision of advice, translation and proofreading services were provided to business, especially as part of the Seachtain na Gaeilge celebration, including clients such as: CitiBank, the Irish Hospitality Institute, Mayo Business, Largo Foods (Tayto), and commercial business associations.

An information service was provided in the form of tweets about at the use of Irish in the context of the business sector (www.twitter.com/gnoasgaeilge/ / @gnoasgaeilge) with over 1,140 followers at the end of the year.

Business sponsorship projects included: All Ireland Marketing Awards 2017 in May with Creative Ireland (Éire Ildánach) as winner of Business through Irish.

Business Support Resources

There are 31 specific support resources for the business sector developed and available free of charge from the self-order system at www.gaeilge.ie/ordu, and as part of the support package that has a choice of self-adhesive signs, badges, leaflets and other support items to add to the visibility of Irish in a business environment. A total of 247 orders were dealt with with over 64,288 resources made available to businesses in 28 counties, with four overseas orders during 2017.

Guide to Bilingual Packaging

The Minister of State, Seán Kyne, launched the guidebook *Bilingual Packaging - A Good Business Practice Guide* which supports government policy on bilingual labeling as cited in the 20 Year Strategy for Irish.



Business Support Scheme

With a budget of €44,000 there were 45 businesses involved in the scheme by which signage, stationery, printed marketing materials, websites and other branding materials and accurate Irish in bilingual use were developed. As a match-funding scheme, investment of the same size has been attracted from the applicants for these Irish-language initiatives.

Q-Mark Business with Irish

A pilot scheme with seven businesses with ISO 9001:2008 was run for the newly developed Q-Marc Gnó le Gaeilge quality standard in accordance with international best practice aimed at the use of bilingualism in the business sector. The NSAI awarded an ISO accreditation to the Q-Mharc Gnó le Gaeilge system and seven successful businesses were awarded the Qualifying Standard. It is intended to launch Q-Mharc officially in 2018. See www.qmharc.ie.

Ling & Aistear

Cuireadh maoiniú ar fáil do Ling Research chun líne chabhrach aistriúcháin a chur ar fáil don phobal. Tá tuilleadh sonraí faoi na seirbhísí a chuirtear ar fáil anseo: www.ling.ie/freagra/

Cuireadh maoiniú ar fáil do Aistear.ie chun oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil d'aistritheoirí, d'eagarthóirí agus do dhaoine a bhíonn ag plé leis an nGaeilge scríofa.

TACÚ LE HARDÚ FEASACHTA GAEILGE SAN EARNÁIL GNÓ PHRÍOBHÁIDEACH

Feachtas Feasachta ‘GNÓ Means Business’

Leanadh den fheachtas feasachta ar luach agus ar fheidhm na Gaeilge i gcomhthéacs na hearnála gnó príobháidí. Rinneadh athbhreithniú le linn 2017 ar an sainrannán ‘GnóMeansBusiness’ atá ar shuíomh Fhoras na Gaeilge mar lárfhoinsé eolais.

Bhí seirbhísí comhairle, aistriúcháin agus léamh profaí curtha ar fáil don lucht gnó, go háirithe mar chuid de cheiliúradh Sheachtain na Gaeilge, ina measc: CitiBank, Institiúid Aíochta na hÉireann, Gnó Mhaigh Eo, Largo Foods (Tayto) agus na cumainn tráchtála gnó.

Soláthraíodh seirbhís eolais i bhfoirm giolcacha dírithe ar úsáid na Gaeilge i gcomhthéacs na hearnála gnó (www.twitter.com/gnoasgaeilge / @gnoasgaeilge) ag a raibh breis agus 1,140 leantóir ag deireadh na bliana. I measc na dtionscadal urraíochta gnó bhí: All Ireland Marketing Awards 2017 i mBealtaine le hÉire Ildánach (Creative Ireland) mar bhuaiteoir Gnó le Gaeilge.

Áiseanna Tacaíochta Gnó

Tá 31 sain-áis tacaíochta don earnáil gnó forbartha agus ar fáil saor in aisce ón gcóras féinordaithe, www.gaeilge.ie/ordu, agus mar chuid den phacáiste tacaíochta ina bhfuil rogha de chomharthaí féinghreamaitheacha, suaitheantais, bileoga agus earraí tacaíochta eile chun cur le hinfheictheacht na Gaeilge i dtimpeallacht ghnó. Déileáladh le 247 ordú ina raibh breis agus 64,288 áis curtha ar fáil do ghnólachtaí i 28 contae, agus ceithre hordú thar lear le linn 2017.

Treoirleabhar ar Phacáistíocht Dhátheangach

Sheol an tAire Stáit, Seán Kyne, an treoirleabhrán *Pacáistíocht Dhátheangach – Treoir Dea-Chleachtas Gnó* a thacaíonn leis an mbeartas rialtais faoin lipéadú dátheangach atá mar mhír sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

Scéim Tacaíochta Gnó

Le €44,000 de bhuiséad bhí 45 ghnólacht páirteach sa scéim trínar forbraíodh comharthaíocht, stáiseanóireacht, ábhair mhargaíochta chlóite, suíomhanna gréasáin agus ábhair bhrandála eile agus Gaeilge chruinn in úsáid ar bhonn dátheangach. Mar scéim maoinithe meaitseála, d'éirigh léi an méid céanna infheistíochta a mhealladh ó na hiarratasóirí ar son na dtionscnamh Gaeilge seo.

Q-Mharc Gnó le Gaeilge

Reáchtáladh scéim phíolótach le seacht ngnólacht le hISO 9001:2008 a ghnóthú don chaighdeán cáilíochta nuafhorbartha Q-Mharc Gnó le Gaeilge faoi réir an dea-chleachtas idirnáisiúnta dírithe ar úsáid an dátheangachais san earnáil ghnó. Bhronn an NSAI teistiú ISO ar chóras an Q-Mharc Gnó le Gaeilge agus bronnadh an caighdeán cáilíochta ar sheacht ngnólacht rathúla. Tá sé i gceist an Q-Mharc Gnó le Gaeilge a sheoladh go hoifigiúil in 2018. Féach www.qmharc.ie.



IMPLEMENTING AND MONITORING THE NEW PARTNERSHIP STRUCTURES WITH LEAD ORGANISATIONS

Foras na Gaeilge provided grants of €4.6m to the six lead organisations: Gael Linn, Conradh na Gaeilge; Glór na nGael, Gaeloideachas; Cumann na bhFiann; and Oireachtas na Gaeilge.

Foras na Gaeilge chaired four meetings of the Partnership Forum (which is composed of the heads of the six lead organisations, the Chair of the Language Development Forum, a language planner and senior officials of Foras na Gaeilge). There were three meetings of the Language Development Forum.

RAISING THE STATUS OF THE IRISH LANGUAGE AMONG YOUNG PEOPLE

Gaelbhrtach

Foras na Gaeilge provided a grant of €120,000 in 2017 to Gael Linn for the Gaelbhrtach project, aimed at promoting the spoken Irish in primary and post-primary schools.

65 schools were awarded Gaelbhrtach at an event in Leopardstown, Dublin attended by over 600 school students from primary and post-primary schools throughout the island. Conradh na Gaeilge and Glór na nGael are supporting and co-operating with Gael Linn on this project which has a bilingual website: www.gaelbhrtach.ie.

RAISING PUBLIC AWARENESS OF THE IRISH LANGUAGE

Partnership Approach

Foras na Gaeilge awarded funding of €832,457 to Conradh an Gaeilge to complete a work programme in the broad field of Raising Awareness, Language Protection and Representation (on behalf of the language with state authorities). A series of public awareness raising sessions and successful campaigns were held throughout the island, such as Myth-Busting, An Dream Dearg (The Red Group) and #AchtAnois (#ActNow).

IMRAM

The IMRAM Irish language literary events were held again in 2017, with a wide range of events including prose, poetry and music so that Irish speakers across the island could meet and that Irish language publishers and authors had the opportunity to publicise their work. These events provided a fantastic platform for Irish writing and writers. Publicity is one of IMRAM's strengths



Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge, Pól Ó Gallchóir, ag labhairt ag seimineár eolais faoin tionscnamh Q-Mharc /

Foras na Gaeilge Chair, Pól Ó Gallchóir, speaking at an information briefing about the Q-Mharc initiative

NA STRUCTÚIR NUA CHOMHPHÁIRTÍOCHTA LEIS NA CEANNEAGRAÍOCHTAÍ A FHEIDHMIÚ AGUS MONATÓIREACHT A DHÉANAMH ORTHU

Chuir Foras na Gaeilge deontais ar luach €4.6m ar fáil do na sé cheanneagraíocht: Gael Linn, Conradh na Gaeilge; Glór na nGael, Gaeloideachas; Cumann na bhFiann; agus Oireachtas na Gaeilge.

Rinne Foras na Gaeilge cathaoirleacht ar cheithre chruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta atá comhdhéanta de cheannairí na sé cheanneagraíocht, cathaoirleach an Fhóraitm Forbartha Teanga, pleanálaí teanga agus d'oifigigh shinsearacha Fhoras na Gaeilge). Bhí trí chruinniú den Fhóram Forbartha Teanga ann.

STÁDAS NA GAEILGE A ARDÚ I MEASC DAOINE ÓGA

Gaelbhrtach

Chuir Foras na Gaeilge deontas ar luach €120,000 ar fáil in 2017 do Ghael Linn don tionscadal Gaelbhrtach, dírithe ar chur chun cinn na Gaeilge labhartha i scoileanna ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.

Bronnadh Gaelbhrtach ar 65 scoil ag ócáid i mBaile na Lobhar, Baile Átha Cliath, ag a raibh breis agus 600 dalta scoile i láthair ó bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar fud an oileáin. Tá Conradh na Gaeilge agus Glór na nGael ag cur tacaíochta ar fáil agus ag comhoibriú le Gael Linn chun an tionscadal seo a chur i gcrích ag a bhfuil suíomh gréasáin dátheangach: www.gaelbhrtach.ie

STÁDAS NA GAEILGE A ARDÚ I MEASC AN PHOBAIL

Cur Chuige Comhpháirtíochta

Chuir Foras na Gaeilge maoiniú €832,457 ar fáil do Chonradh an Gaeilge chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse ardú feasachta, cosaint teanga agus ionadaíocht (thar ceann na teanga le húdaráis stáit). Reáchtáladh sraith

and considerable effort was spent in presenting authors in the media and fostering a much-needed positive attitude towards them.

Among the events in 2017 were *Songs from the Dark Times: The Bertold Brecht Project*; *The Promised Land: The Springsteen Project*; a night of music and poetry for writer Éilís Ní Dhuibhne; and *From Dublin to Prague* a major celebration of Irish-language and Czech music and literature.

IMRAM also co-operated with other festivals and collaborated with other organisations throughout the year, such as *The Cork Project* which was part of the West Cork Literature Festival and *The David Bowie Project* which took place as part of the Mac Reachtain Summer School in Belfast.

Carntogher Arts Festival

On Thursday, October 12th, the Irish speakers and arts lovers came together in Carntogher, Co. Derry, to discuss opportunities to promote the arts through the medium of Irish. This fair was held with in conjunction with Oireachtas na Gaeilge and the Arts Council of Northern Ireland. About 60 people attended, including arts service providers, the arts centres such as the MAC, Waterside Theatre in Derry, Young at Art, and the Ulster Orchestra. It was a very positive event and it is hoped to build on this project. Meon Eile (the online platform which provides an insight into life in Ulster) produced a record of the day.

Drama Companies Scheme and the Festivals Scheme

Funding was provided for 17 Drama Companies under the Drama Companies Scheme 2017 and for 44 festivals under the Festivals Scheme 2017.

THE STATUS OF IRISH IN THE EDUCATION SYSTEMS

Representation

Foras na Gaeilge has designated representatives on various boards and committees of education on an all-island basis and these representatives participated in various meetings such as the High-Level Education Group (20 Year Strategy for the Irish Language), Comhairle na Gaelscolaíochta, National Council for Curriculum and Assessment and An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta).

Foras na Gaeilge participates in the Gaeltacht Education Advisory Group as it relates to the implementation of the Gaeltacht Education Policy.

de sheisiúin phoiblí ardaithe feasachta agus feachtais rathúla ar fud an oileáin, ar nós Bréagnú na Miotas, An Dream Dearg agus #AchtAnois.

IMRAM

Reáchtáladh imeachtaí litríochta Gaeilge de chuid IMRAM arís in 2017, le réimse leathan imeachtaí a chuimsíonn próis, filíocht agus ceol ionas go mbeadh teacht le chéile ag na cainteoirí Gaeilge ar fud an oileáin agus go mbeadh deis ag foilsitheoirí agus údair na Gaeilge a gcuid saothar a chur i lár an aonaigh. Thug na himeachtaí seo ardán iontach tábhachtach do scríbhneoireacht agus do scríbhneoirí na Gaeilge. Tá an phoiblíocht ar cheann de bhanna IMRAM chomh maith agus rinneadh an-iarracht údair a chur i láthair na meán agus dearcadh dearfach a chothú ina leith, rud a bhfuil géarghá leis.

I measc na n-imeachtaí in 2017 bhí, *Amhráin ón Ré Dhorcha: Tionscadal Bertold Brecht; Tír Tairngire: Tionscadal Springsteen*; mór-oíche ceoil agus filíochta in ómós don scríbhneoir Éilís Ní Dhuibhne; ceol is filíocht mar chuid de mhóroíche litríochta na Gaeilge agus na Seicise: *Ó Bhaile Átha Cliath go Prág*. Mórcheiliúradh

Chomhoibrigh IMRAM le féilte eile agus i gcomhar le heagraíochtaí eile i rith na bliana chomh maith, ar nós *Thionscadal Chorcaí* a bhí mar chuid d'Fhéile Litríochta Iarthar Chorcaí agus *Tionscadal David Bowie* a bhí ar siúl mar chuid de Scoil Samhraidh Mhic Reachtain i mBéal Feirste.

Aonach na nEalaíon i gCarn Tóchair

Déardaoin an 12 Deireadh Fómhair tháinig lucht na Gaeilge agus lucht na n-ealaíon le chéile sa Charn, Carn Tóchair i gCo. Dhoire, le deiseanna leis na healaíona trí Ghaeilge a chur chun cinn ó thuaidh a phlé. Reáchtáladh an t-aonach seo i gcomhar le hOireachtas na Gaeilge agus le Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann. D'fhreastail thart ar 60 duine air, idir sholáthraithe seirbhíse ealaíon, na hionaid ealaíona ar nós the MAC, Amharclann Dhoire Thrasna i nDoire, Young at Art, agus Ceolfhoireann Uladh. Ócáid thar a bheith dearfach a bhí ann agus táthar ag súil le tógáil ar an tionscadal seo. Rinne Meon Eile (an t-ardán ar líne a thugann léargas ar an saol i gCúige Uladh) taifead ar an lá.

Scéim na gCompántas Drámaíochta agus Scéim na bhFéilte

Cuireadh maoiniú ar fáil do 17 gcompántas drámaíochta faoi Scéim na gCompántas Drámaíochta 2017 agus do 44 fhéile faoi Scéim na bhFéilte 2017.

STÁDAS NA GAEILGE SNA CÓRAIS OIDEACHAIS

Ionadaíocht

Tá ionadaithe ainmnithe ag Foras na Gaeilge ar bhoird agus ar choistí éagsúla oideachais ar bhonn uile-oileáin agus bhí na hionadaithe seo rannpháirteach i gcrúinnithe éagsúla: an Grúpa Ardleibhéil Oideachais (Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge), Comhairle na Gaelscolaíochta, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta).

Tá Foras na Gaeilge rannpháirteach sa Ghrúpa Comhairleach um Oideachas Gaeltachta mar a bhaineann sé le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.

ACQUISITION

CONTRIBUTING TO THE ACQUISITION OF IRISH THROUGH COLLABORATION AND PARTNERSHIP

Partnership Approach

Foras na Gaeilge paid €708,562 to the lead organisation Gaeloideachas to complete a work programme in the field of Irish medium education / immersion Education and pre-schooling in Irish.

Foras na Gaeilge paid £ 272,486 to An tÁisaonad to provide facilities for the Irish-medium education sector.

Scríobh Leabhar (Write a Book)

Under this project primary school children are asked to write a book, giving them the opportunity to experience creativity, skills and, of course, fun, related to writing and publishing their own book. There were eight education centres involved in the project in the 2016/2017 school year: Dublin West Education Centre; Kilkenny Education Centre; Carrick-on-Shannon Education Center; Clare Education Center; the Teachers' Centre Gortahork; West Cork Education Centre; Laois Education Centre; and Tralee Education Centre. Schools in Northern Ireland also participated in the project in the 2016/2017 school year, supported by An tÁisaonad. A special event was organised in each area and some of the children who participated in the project were awarded prizes at these events. The project was very successful with almost 8,500 children involved. Some of the books that were written are available on the www.scriobhleabhar.ie website.

PROMOTING THE TEACHING OF IRISH

Partnership Approach

A grant of €650,183 is paid by Foras na Gaeilge to Gael Linn as lead organisation for work in this area.

Summer Camps Scheme

Through the Summer Camps Scheme, Foras na Gaeilge provided grants to the value of €168.346 for 82 camps throughout the island of Ireland.

An Gúm - Publications

- **Séideán Sí**
The Séideán Sí digital project was completed. A wide range of activities and facilities are now available online for all primary school classes.

The following works were published for pre-school and primary students:

Cinnín Óir agus na Trí Bhéar

Áine Ní Ghlinn. Laura-Jane Phelan.

A re-telling of the old story Goldilocks and the Three Bears. Available in book form and as a video on YouTube and Vimeo.

SEALBHÚ

CUR LE SEALBHÚ NA GAEILGE TRÍ CHOMHOIBRIÚ AGUS TRÍ CHOMHPHÁIRTÍOCHT

Cur Chuige Comhpháirtíochta

D'íoc Foras na Gaeilge €708,562 leis an gceanneagraíocht Gaeloideachas chun clár oibre a chur i gcrích sa mhór-réimse Gaeloideachas/tumoideachas agus réamhscolaíocht lán-Ghaeilge.

D'íoc Foras na Gaeilge £272,486 leis an Áisaonad chun áiseanna a sholáthar d'earnáil na Gaelscolaíochta.

Scríobh Leabhar

Faoin tionscadal seo iarrtar ar pháistí bunscoile leabhar a scríobh, le deis a thabhairt dóibh taithí a fháil ar an gcruthaitheacht, ar na scileanna agus, ar ndóigh, ar an spraoi, a bhaineann lena leabhar féin a scríobh agus a fhoilsiú. Bhí ocht n-ionad oideachais páirteach sa tionscadal sa scoilbhliain 2016/2017: Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar; Ionad Oideachais Chill Chainnigh; Ionad Oideachais Chora Droma Rúisc; Ionad Oideachais an Chláir; Ionad na Múinteoirí i nGort an Choirce; Ionad Oideachais Iarthar Chorcaí; Ionad Oideachais Laoise; agus Ionad Oideachais Thrá Lí. Ghlac scoileanna i dTuaisceart Éireann páirt sa tionscadal sa scoilbhliain 2016/2017 chomh maith, le tacaíocht ón Áisaonad. Eagraíodh ócáid faoi leith i ngach ceantar agus bronnadh duaiseanna ar chuid de na páistí a ghlac páirt sa tionscadal ag na hócáidí sin. D'éirigh thar barr leis an tionscadal agus bhí beagnach 8,500 páiste páirteach ann. Tá cuid de na leabhair a scríobhadh ar fáil ar shuíomh gréasáin www.scriobhleabhar.ie.

MÚINEADH NA GAEILGE A CHUR CHUN CINN

Cur Chuige Comhpháirtíochta

Tá maoiniú san áireamh sa deontas €650,183 a d'íoc Foras na Gaeilge le Gael Linn mar cheanneagraíocht le haghaidh obair sa réimse seo.

Scéim na gCampaí Samhraidh

Trí Scéim na gCampaí Samhraidh chuir Foras na Gaeilge deontais ar fáil le haghaidh 82 champa ar fud oileán na hÉireann ar luach €168,346.

An Gúm – Foilseacháin

- *Séideán Sí*
Tugadh tionscadal digiteach Shéideán Sí chun críche. Tá raon leathan gníomhaíochtaí agus áiseanna ar fáil ar líne anois do ranganna uile na bunscoile.

Foilsíodh na saothair seo a leanas do dhaltáí réamhscoile agus bunscoile:

Cinnín Óir agus na Trí Bhéar

Áine Ní Ghlinn. Laura-Jane Phelan a mhaisigh.

Athinsint ar an seanscéal. É ar fáil i bhfoirm leabhair agus mar fhíseán ar [YouTube](https://www.youtube.com) agus [Vimeo](https://www.vimeo.com).

Cosc ar Chrogaill

Heather Pindar. Illustrated by Susan Batori.



A comic story about animals attending a party. It explores the theme of charity.

Anansí agus Scéalta an Domhain

Éamonn Ó Ruanaí. Illustrated by Kieron Black.

A collection of stories from world traditions based on the mythical character, Anansi, the clever spider.

The Literacy Association of Ireland conferred an award for excellence on the *Seisear Salach* series of books. Three other titles in the series were shortlisted for other awards from the Association.



PROMOTING TEACHING THROUGH THE MEDIUM OF IRISH

Partnership Approach

Part of the grant funding of €708,562 provided by Foras na Gaeilge to Gaeloideachas was for work in this area.

Part of the grant funding of £272,486 for An tÁisaonad was for work in this area also.

Izak9

A grant of £8,500 was approved for Qubizm Ltd. to develop and provide an 'Izak 9' math project through the medium of Irish for the Irish-medium education sector.

An Gúm: Publications

The following resources were made available:

Primary education:

- Electronic version of a number of mathematics posters associated with the series *Mata go Deo*.
- Workbook and online facilities for Class 5 Science (*Féach Thart*).
- Four issues of the *Líon an Dúlra* environment newsletter.
- Four information books in a series of physics and fitness courses entitled *Na Laochra Lúfara*.

Post-primary education:

- Junior Certificate Mathematics Textbook (Ordinary Level)
- 4 additional chapters of the online Leaving Certificate Art textbook.

Cosc ar Chrogaill

Heather Pindar. Susan Batori a mhaisigh.

Scéal grinn faoi ainmhithe ag triall ar chóisir. Pléann sé le téama na carthanachta.

Anansí agus Scéalta an Domhain

Éamonn Ó Ruanáí. Kieron Black a mhaisigh.

Bailiúchán scéalta ó thraidisiúin an domhain mhóir bunaithe ar an gcarachtar miotasach, Anansi, an damhán alla glic.

Bhronn Cumann Litearthachta na hÉireann gradam feabhais ar an tsraith leabhar ***Seisear Salach***. Bhí trí theideal eile a foilsíodh ar ghearrliostaí le haghaidh gradaim eile ag an gCumann.



MÚINEADH TRÍ MHEÁN NA GAELIGE A CHUR CHUN CINN

Cur Chuige Comhpháirtíochta

Bhí maoiniú san áireamh sa deontas €708,562 a chuir Foras na Gaeilge ar fáil do Ghaeloideachas don réimse seo oibre.

Bhí maoiniú san áireamh sa deontas £272,486 don Áisaonad dá gcuid oibre sa réimse seo.

Izak9

Ceadaíodh deontas ar luach £8,500 do Qubizm Ltd. chun tionscadal mata ‘Izak 9’ a fhorbairt agus a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge d’earnáil na gaelscolaíochta.

An Gúm: Foilseacháin

Cuireadh na hacmhainní seo a leanas ar fáil:

An Bhunscolaíocht:

- Leagan leictreonacha de roinnt póstaer matamaitice a bhaineann leis an tsraith *Mata go Deo*.
- Leabhar oibre agus áiseanna ar líne san Eolaíocht do Rang 5 (*Féach Thart*).
- Ceithre eagrán den nuachtlitir timpeallachta *Líon an Dúlra*.
- Ceithre leabhar eolais i sraith faoi chúrsaí fisice agus aclaíochta dar teideal *Na Laochra Lúfara*

An Iar-bhunscolaíocht:

- Téacsleabhar Matamaitice don Teastas Sóisearach (Gnáthleibhéal)
- 4 chaibidil sa bhreis den téacsleabhar Ealaíne don Ardeist ar líne.

- Work continued on the main Woodworking textbook for Junior Certificate. A Leaving Certificate Mathematics textbook (Higher Level) and a Leaving Certificate Construction Study textbook were also started.

DICTIONARY DEVELOPMENT

The online version of the New English-Irish Dictionary (NEID, www.focloir.ie) was completed, with 48,000 entries and 140,000 sense units (55% more than planned at the start of the project). The number of users increased to 1.6 million in 2017.

Cross-dictionary editing and quality control were completed for some 36,000 sense units in the NEID, as part of the preparation for the print edition.

The first two batches of new terms arising from the NEID project were submitted to the Terminology Committee (1,800 terms), as part of the preparation for the print edition.

Research on the content, layout and design of the print edition of NEID was carried out.

998,000 additional words for transcript material were prepared for Corpas na Gaeilge (the Irish language corpus), providing a foundation for the Dictionary Strategy – increasing it from 2.2 million words to 3.2 million words.

TERMINOLOGY DEVELOPMENT

The Terminology Committee

To advance the work of the committee during 2017 ten meetings were held. Continued public access to the National Terminology Database online at www.tearma.ie was ensured and 5,000 new terms approved for the site including terms relating to sports, the arts, social media, IATE (Interactive Terminology for Europe - TIE in Irish) and terms for statutory instruments.

- Leanadh leis an obair ar an bpríomhthéacsleabhar Adhmadóireachta don Teastas Sóisearach. Cuireadh tús chomh maith le téacsleabhar Matamaitice don Ardeisteimeireacht (Ardleibhéal) agus le téacsleabhar ar Staidéar Foirgníochta don Ardeistiméireacht.

AN FHOCLÓIREACHT A FHORBAIRT

Tá clabhsúr curtha leis an leagan ar líne den Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge (FNBG, www.focloir.ie), le 48,000 iontráil agus 140,000 aonad céille ann (55% níos mó ná mar a bhí beartaithe ag tús an tionscadail). Tháinig méadú ar líon na n-úsáideoirí go dtí 1.6 milliún in 2017.

Rinneadh eagarthóireacht trasfhoclóra agus rialú cáilíochta ar 36,000 aonad céille san FNBG, mar chuid den ullmhúchán le haghaidh an leagain chlóite.

Cuireadh an chéad dá bhaisc de théarmaí nua a d'eascair as tionscadal FNBG faoi bhráid an Choiste Téarmaíochta (1,800 téarma), mar chuid den ullmhúchán le haghaidh an leagain chlóite.

Rinneadh taighde ar ábhar, leagan amach agus dearadh an leagain chlóite de FNBG.

Ullmhaíodh 998,000 focal sa bhreis d'ábhar tras-scríofa do Chorpas na Gaeilge, mar dhúshraith don Straitéis Foclóireachta – méadú ó 2.2 milliún focal go dtí 3.2 milliún focal.

AN TÉARMAÍOCHT A FHORBAIRT

An Coiste Téarmaíochta

Le hobair an choiste a chur chun cinn le linn 2017 reáchtáladh 10 gcruinniú. Deimhníodh rochtain leanúnach ag an bpobal ar an mBunachar Náisiúnta Téarmaíochta ar líne ag www.tearma.ie agus faomhadh 5,000 téarma nua don suíomh ar an n-áirítear téarmaí spóirt, ealaíon, meán sóisialta, téarmaí TIE (Téarmaíocht Idirghníomhach don Eoraip - IATE sa Bhéarla) agus téarmaí as ionstraimí reachtúla.

USE

CONTRIBUTING TO THE USE OF IRISH THROUGH COLLABORATION AND PARTNERSHIP

Foras na Gaeilge provided the following sums (€4.6m in total) for these lead organisations to work in this area:

- Cumann na bhFiann - €732,736 to complete a work programme in the area of Developing Irish Language Opportunities and Young People's Network.
- Oireachtas na Gaeilge - €622,594 to complete a work programme in the area of Opportunities that Support the Use of Irish and the Establishment of Networks for Adults.
- Glór na nGael - €1,102,615 to carry out a programme of work in the area of Community and Economic Development.
- Conradh na Gaeilge - €832,457 to complete a work programme in the area of Increasing Awareness, Language Protection and Representation (on behalf of the language with State Authorities).
- Gael Linn - €650,183 to complete a work programme in the area of Education in the English language sector, and for Adults and Opportunities for Use of Irish for School Pupils.
- Irish-medium education - €708,562 to complete a work programme in the area of Irish-medium Education / Immersion Education and Pre-schooling in Irish.

Fusion-Springboard

This project is a cross-community event. A weekend was organised in association with Fusion from the 24th to the 26th of November and funding secured through the European Peace IV project. Foras na Gaeilge ensured the provision of workshops in the Irish language and with the help of guests such as Brian Mullen (Singing in both traditions); Rohan Young (Irish Music and the bodhrán); and William Wallace (Piping in both traditions).

DEVELOPING AND MAINTAINING THE LOCAL USE OF IRISH

Partnership Approach

Foras na Gaeilge awarded funding of €622,594 to Oireachtas na Gaeilge to complete a programme of work in the area of opportunities that support the use of Irish and establishing networks for adults.

Foras na Gaeilge awarded funding of €1,102,615 to Glór na nGael to carry out a work programme in the area of community and economic development. An additional €24,000 was approved to develop the Seosamh Mac Donncha Foundation and new videos focused on language planning.



Seosamh Mac Donncha RIP.
*CEO (2002-6), Board Member (2011-5)
and Chair of the Board of Foras na
Gaeilge (2015-6). /
Príomhfheidhmeannach (2002-6),
Comhalta Boird (2011-5, agus
Cathaoirleach ar Bhord Fhoras na
Gaeilge (2015-6).*

ÚSÁID

CUR LE HÚSÁID NA GAELIGE TRÍ CHOMHOIBRIÚ AGUS TRÍ CHOMHPHÁIRTÍOCHT

